2023.S24T

2023J004C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2023

# Stair

## Comhleibhéal

## Dé hAoine 9 Meitheamh    Maidin 9:30 – 11:30

360 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **ocht** gceist ar an bpáipéar seo.

Freagair **gach ceist.**

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil chuige sin sa leabhrán seo.  Tá spás le haghaidh obair bhreise ag cúl an leabhráin.

Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora.  Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.


Pleanáil roghnach nó sracobair:

**Ceist 1**

Le linn na tréimhse 85-370 AD, bhí dún Rómhánach suite ag Vindolanda in aice le Balla Hadrian i dtuaisceart Shasana. Is suíomh tábhachtach seandálaíochta anois é. Féach ar na fótagraif de na sé cinn d'earraí a fuarthas ag Vindolanda agus freagair na ceisteanna a leanas.



**Fótagraf 1**



**Fótagraf 2**



**Fótagraf 3**



**Fótagraf 4**



**Fótagraf 5**



**Fótagraf 6**

**(a)** Meaitseáil gach earra le huimhir an fhótagraif chuí.

| **Earra** | **Uimhir an Fhótagraif** |
|---|---|
| Bróg mhná | |
| Eochair iarainn | |
| Táibléad scríbhneoireachta déanta as adhmad | |
| Cnámh géill duine, agus fiacla ann | |
| Lámh claímh déanta as cnámh | |
| Painéal pubaill déanta as leathar | |

**(b)** Céard is brí leis an téarma 'déantán'?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(c)** Cén t-eolas a d'fhéadfadh seandálaí a fháil ó anailís DNA ar chnámh géill an duine?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Ainmnigh agus mínigh **dhá** mhodh dhifriúla a mbaintear feidhm astu chun earraí a fuarthas le linn tochailtí seandálaíochta a dhátú.

| |
|---|
| An chéad mhodh dátaithe: |
| An dóigh a n-oibríonn an modh sin: |
| |
| |
| |
| |
| An dara modh dátaithe: |
| An dóigh a n-oibríonn an modh sin: |
| |
| |
| |
| |

**(e)** Ainmnigh an tsibhialtacht ársa nó mheánaoiseach a ndearna tú staidéar uirthi i do chúrsa staire don tSraith Shóisearach.

Déan cur síos ar **thrí** ní thábhachtacha a bhain an tsibhialtacht a ndearna tú staidéar uirthi amach.

| Ainm na sibhialtachta ársa nó meánaoisí: |
| --- |
| Nithe a baineadh amach: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(f)** I do thuairim féin, cé acu de na nithe sin ba mhó a raibh tionchar aige ar chúrsaí staire ina dhiaidh sin? Mínigh do fhreagra.

| |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2**

Freagair na ceisteanna seo a leanas a bhfuil baint acu leis an Reifirméisean.

Sa ghreanadh adhmaid seo taispeántar John Tetzel, an díoltóir loghanna, ar mhuin capaill.  Thaistil sé timpeall na Gearmáine in 1517 ag bailiú airgid d'atógáil Bhaisleac Pheadair sa Róimh.




**(a)** Cén fhianaise san íomhá a thaispeánann go raibh John Tetzel ina mhanach?

| |
|---|
| |
| |

**(b)** Is iad an dá líne dheireanacha atá sa rann Gearmáinise ar thaobh na láimhe clé den ghreanadh adhmaid ná:

> Le gligín an óir sa bháisín
> Léimeann an t-anam isteach sna Flaithis

De réir an rainn, cén dóigh a bhféadfadh anamacha dul isteach sna Flaithis?

| |
|---|
| |
| |

**(c)** Scríobh cuntas ar leasaitheoir creidimh a ndearna tú staidéar air i do chúrsa staire don tSraith Shóisearach.
D'fhéadfadh na sonraí seo a leanas bheith i do fhreagra:

- Príomhghníomhartha an leasaitheora
- Creidimh reiligiúnacha an leasaitheora
- Athruithe a thug an leasaitheoir isteach

| Ainm an leasaitheora: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3**


Freagair na ceisteanna seo a leanas a bhaineann leis an nGorta Mór in Éirinn.

**(a)** Tá ceann amháin de na téarmaí sa liosta thíos meaitseáilte le míniúchán sa tábla. Meaitseáil sé théarma eile le míniúcháin sa tábla thíos.

- Tiarna talún neamhchónaitheach
- Monashaothrú
- Teach na mBocht
- Laissez-faire (ligtear leis)
- Dúchan na bprátaí
- Riaráistí
- Coiteoir
- Díshealbhú
- Conacra
- Gorta
- Eisimirce
- Foroinnt

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Roinn feirmeoirí a gcuid talún ar a gcuid mac agus mar sin laghdaigh méid na bhfeirmeacha le himeacht aimsire. | |
| 2. | Ag saothrú barr amháin, (e.g. prátaí). | |
| 3. | Galar fungasach scriosach a lobh na prátaí | |
| 4. | Ganntanas an-mhór bia, ar éirigh líon mór daoine tinn nó a bhfuair siad bás mar gheall air. | |
| 5. | Téarma dlí do chíos atá dlite thar téarma. | ***Riaráistí*** |
| 6. | Díbirt dhleathach tionónta as réadmhaoin an tiarna talún (teach agus/nó talamh). | |
| 7. | Tiarna talún a raibh cónaí air ar shiúl óna réadmhaoin agus a d'fhostaigh gníomhaí chun féachaint i ndiaidh an eastáit. | |
| 8. | Polasaí eacnamaíochta a raibh sé mar thoradh air nach ndearna an rialtas aon idirghabháil i ngnóthas ná i margaí (e.g. chun praghas an bhia a rialú). | |
| 9. | Áit a bhféadfadh na bochtáin agus na daoine dealbha cóiríocht agus bia a fháil mar chúiteamh ar chineálacha éagsúla oibre a dhéanamh. | |
| 10. | Imeacht as do thír féin chun cónaí go lánaimseartha i dtír eile. | |

Déan scrúdú ar an léarscáil thíos ar a dtaispeántar scaipeadh dhúchan na bprátaí san Eoraip sa tréimhse, Meitheamh go Meán Fómhair, 1845.




**(b)** Ainmnigh **dhá** thír, seachas Éire, a raibh tionchar ag dúchan na bprátaí orthu.

| |
|---|
| |
| |

**(c)** Cén **dá** chathair inar taifeadadh an dúchan i mí an Mheithimh 1845?

| |
|---|
| |
| |

**(d)** Cén áit ar taifeadadh an dúchan in Éirinn den chéad uair agus cén dáta?

| |
|---|
| |
| |

**(e)** Mínigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an eolas faoi dhúchan na bprátaí a thaispeáint ar léarscáil in ionad cur síos a dhéanamh ar an eolas céanna in alt scríofa.

**(f)** Céard ab ea **ceithre** iarmhairt a bhain leis an nGorta?

**Ceist 4**

Baineann an dá fhoinse seo a leanas le hÉirí Amach na Cásca ar cuireadh tús leis ar an Luan an 24 Aibreán 1916. Déan scrúdú ar na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Foinse 1**: cuntas a thug ball d'Óglaigh na hÉireann a bhí in Ardoifig an Phoist (GPO) le linn Éirí Amach na Cásca.

Ar an Déardaoin, thosaigh an namhaid ag ionsaí Ard-Oifig an Phoist le sliogáin, ach níor buaileadh go díreach í le linn an lae. Bhí an teas ó na foirgnimh os a comhair amach chomh láidir sin go raibh ar fhir daingniúcháin na bhfuinneog a choinneáil báite le huisce ionas nach rachadh na málaí gainimh agus na saic trí thine. Bhí na fir smeartha le súiche, scallta ag gal agus dóite ag an tine.

Thart ar mheán lae ar an Aoine, bhuail an chéad sliogán Ard-Oifig an Phoist. Cuireadh an tine a thosaigh sé faoi smacht go tapa. Thart ar 3 p.m. thosaigh sliogáin ag radadh an fhoirgnimh agus thosaigh tinte in áiteanna éagsúla. Le titim na hoíche, bhí an foirgneamh trí thine i ngach áit agus bhí an chuid tosaigh ina bhladhm lasrach. Bhíomar i gcruachás doréitithe. Thosaigh an t-aslonnú ó thaobhdhoras Shráid Anraí.

**Foinse 2:** fótagraf d'Ard-Oifig an Phoist nuair a bhí an tÉirí Amach thart.



**(a)** De réir **Fhoinse 1**, cén tionchar a bhí ag an ionsaí a rinne an namhaid ar Ard-Oifig an Phoist le sliogáin ar an Déardaoin?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(b)** De réir **Fhoinse** 1, cén fáth ar fhág na hÓglaigh Ard-Oifig an Phoist tráthnóna Dé hAoine?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(c)** An foinse phríomha nó foinse thánaisteach í **Foinse 1**? Tabhair fáth le do fhreagra.

| |
|---|
| Príomha nó tánaisteach: |
| Fáth: |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Maidir le himeachtaí ag Ardoifig an Phoist le linn Éirí Amach 1916, céard iad **dhá** bhealach a dtacaíonn an fhianaise amhairc atá le fáil i **bhFoinse 2** leis an bhfianaise scríofa atá i **bhFoinse 1?**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(e)** Seachas an tÉirí Amach, céard eile is féidir le **Foinse 2** a insint dúinn faoin saol i mBaile Átha Cliath in 1916?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(f)** Ainmnigh **beirt** cheannairí a shínigh Forógra na Saoirse in 1916.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(g)** Mínigh **dhá** iarmhairt a bhain le hÉirí Amach 1916.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5**

Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir leis an gCéad Chogadh Domhanda **nó** maidir leis an Dara Cogadh Domhanda.

An ndearna tú staidéar ar an gCéad Chogadh Domhanda **nó** ar an Dara Cogadh Domhanda? Cuir tic (✓) le **ceann amháin** díobh seo a leanas:

An Chéad Chogadh Domhanda ☐ An Dara Cogadh Domhanda ☐

**(a)** Céard iad na príomhchúiseanna a bhí leis an gCogadh Domhanda a ndearna tú staidéar air?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Déan liosta de **cheithre** cinn d'imeachtaí tábhachtacha a tharla i gcaitheamh an Chogaidh Dhomhanda a ndearna tú staidéar air agus scríobh síos in ord croineolaíoch iad. (Ní gá duit dátaí a thabhairt).

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |
| 4. |

**(c)** Go hachomair, mínigh **dhá** fhorbairt a tharla sa chogaíocht i gcaitheamh an Chogaidh Dhomhanda a ndearna tú staidéar air. D'fhéadfadh tagairt a bheith d'airm, d'iompar agus/nó do chúrsaí cumarsáide, etc. i do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |


**(d)** Roghnaigh tír **amháin** a bhí páirteach sa Chogadh Domhanda a ndearna tú staidéar air. Céard iad na bealaí a ndeachaigh an cogadh i bhfeidhm ar shaol na ndaoine sa tír sin?

| |
|---|
| Tír: |
| An bealach a ndeachaigh an cogadh i bhfeidhm ar dhaoine sa tír sin: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 6**

Rugadh Tomi Reichental sa tSlóvaic in 1935. Tháinig sé chun cónaí in Éirinn in 1959. Ina dhírbheathaisnéis, *I Was a Boy in Belsen,* déanann sé cur síos ar an dóigh ar tugadh a theaghlach chuig campa géibhinn Bergen-Belsen in 1944. Léigh an sliocht thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.






Ba bhosca ar rothaí é, an carráiste eallaí a rabhamar ann in éineacht le suas le caoga duine eile. Bhí tuí ar an urlár agus bairille mór ina lár, chomh maith le cúpla buicéad. B'in an leithreas a bhí againn.

Níorbh fhéidir bogadh, bhíomar chomh brúite sin le chéile. Bhí dúnadh an dorais inár ndiaidh ina chomhartha ar dheireadh ár saoil shibhialta. Ní rabhamar inár saoránaigh a thuilleadh, ní daoine a bhí ionainn a thuilleadh.

Bhíomar sa charráiste sin ar feadh seacht lá. Stop an traein tráthnóna an 9 Samhain. Osclaíodh na doirse de rap. Thosaigh glórtha ag béicíl orainn i nGearmáinis, iad go léir ag an am céanna, arís agus arís eile: 'HERAUS! HERAUS! SCHNELL! SCHNELL!' (AMACH! AMACH! DEIFIR! DEIFIR!)

Bhí tafann gan staonadh ann freisin, nach raibh ag stopadh. Las solas geal suas an carráiste. An-scanraithe, rug mé greim láimhe ar mo mháthair agus gach duine ag gluaiseacht i dtreo an dorais.

**(a)** Cén aois a bhí ag Tomi Reichental nuair a tugadh go Bergen-Belsen é in 1944?

**(b)** Cén cruatan a d'fhulaing teaghlach Reichental ar a mbealach go Bergen-Belsen?

**(c)** Céard a scanraigh Tomi Reichental nuair a stop an traein?

**(d)** Is dírbheathaisnéis é *I was a Boy in Belsen* le Tomi Reichental.
Cén difríocht atá idir beathaisnéis agus dírbheathaisnéis?

**(e)** I dtreo dheireadh a leabhair scríobhann Tomi Reichental, mar dhuine de na daoine deireanacha díobh siúd a tháinig slán ón Uileloscadh, go bhfuil 'dualgas morálta' air a scéal a insint. Mol **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach go n-inseofaí a scéal.

**(f)** Céard is brí leis an téarma, 'an tUileloscadh'?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(g)** Seachas na Giúdaigh san Eoraip, ainmnigh **dhá** ghrúpa eile daoine a roghnaigh na Naitsithe chun géarleanúint a dhéanamh orthu agus mínigh an fáth a ndearna na Naitsithe géarleanúint orthu.

| |
|---|
| An chéad ghrúpa: |
| An fáth a ndearnadh géarleanúint orthu: |
| |
| |
| |
| |
| An dara grúpa: |
| An fáth a ndearnadh géarleanúint orthu: |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 7**

Bhásaigh níos mó ná 3,500 duine mar thoradh ar na Trioblóidí i dTuaisceart Éireann. Léigh an tuairisc seo agus freagair na ceisteanna a leanas.

In 1984, thosaigh Malcolm Sutton ag doiciméadú gach báis sna Trioblóidí - ainm, aois agus stádas gach íospartaigh, cé a mharaigh iad, cén áit agus cén dóigh. Rinne sé taighde i leabharlanna agus i gcartlanna, d'fhéach sé ar shochraidí, thug sé cuairt ar reiligí, rinne sé staidéar ar thaifid cúirteanna agus ar thaifid cróinéirí agus rinne sé anailís ar aerléarscáileanna suirbhéireachta.

D'oibrigh Sutton siar go tús na dTrioblóidí in 1969 agus lean sé air ag taifeadadh maruithe i gcaitheamh na 1990idí. Stopanna innéacs Sutton in 2001. Taifeadann sé 3,532 bás sam iomlán – páistí, máithreacha, saighdiúirí, póilíní, paraimíleataigh, turasóirí, feirmeoirí, múinteoirí, polaiteoirí, fir sheachadta bainne, agus srl agus srl. "Theastaigh uaim go mbeadh sé mar chuimhneachán ar na daoine a maraíodh," a dúirt sé.

**(a)** Cén tasc ar thosaigh Malcolm Sutton ag obair air in 1984?

| |
|---|
| |
| |

**(b)** Bhain Sutton feidhm as mórán foinsí difriúla ina chuid taighde. Céard é píosa **amháin** fianaise a d'fhéadfadh sé a aimsiú i ngach ceann de **dhá** cheann díobh seo a leanas chun cuidiú leis ina chuid oibre?

- Leabharlann
- Taifid cúirteanna
- Reilig
- Aerléarscáileanna suirbhéireachta

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |

Baineann na táblaí thíos le básanna sna Trioblóidí i dTuaisceart Éireann ó 1969 go 2001.
Bain úsáid as an eolas chun na ceisteanna a leanas a fhreagairt.

| **Tábla 1: Daoine a Maraíodh** | **Líon** |
|---|---|
| Sibhialtaigh | 1840 |
| Pearsanra slándála na Breataine | 1114 |
| Pearsanra slándála na hÉireann | 11 |
| Paraimíleataigh de chuid na nDílseoirí | 170 |
| Paraimíleataigh Poblachtacha | 397 |
| **Iomlán** | **3532** |

| **Tábla 2: Iad siúd ba chúis leis na Básanna** | **Líon** |
|---|---|
| Pearsanra slándála na Breataine | 363 |
| Pearsanra slándála na hÉireann | 5 |
| Paraimíleataigh Dílseoirí | 1027 |
| Paraimíleataigh Poblachtacha | 2057 |
| Anaithnid | 80 |
| **Iomlán** | **3532** |

**(c)** Cé mhéad sibhialtach a maraíodh le linn na dTrioblóidí, de réir **Thábla 1**?

**(d)** Céard é líon iomlán na mbásanna a raibh paraimíleataigh de chuid na nDílseoirí agus paraimíleataigh Poblachtacha mar chúis leo, de réir **Thábla 2**?

**(e)** Céard iad na cúinsí a spreag briseadh amach na coinbhleachta i dTuaisceart Éireann ag deireadh na 1960idí?

**Ceist 8**

Is sampla é CLG de ghluaiseacht spóirt, chultúrtha nó shóisialta a chuaigh i bhfeidhm ar shaol na hÉireann.  Scrúdaigh an dá fhótagraf thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.



**Fótagraf 1**: Cluiche camógaíochta á imirt ag Crois Victoria, Corcaigh, in 1915.



**Fótagraf 2**: Cluiche camógaíochta á imirt i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath, in 2019.

**(a)** Cá mhéad bliain óna chéile a imríodh na cluichí camógaíochta a thaispeántar san dá fhótagraf?

**(b)** Céard iad **trí** dhifríocht idir an dá chluiche camógaíochta?
Bain úsáid as fianaise as na fótagraif chun tacú le do fhreagra.

**(c)** Ciallaíonn an leanúnachas go leanann cúrsaí mar atá siad agus nach n-athraíonn siad mórán.
Cén fhianaise ar leanúnachas atá sa dhá fhótagraf?

**(d)** Uimhrigh na forbairtí seo a leanas i stair CLG ó 1 go 7, ag tosú leis an gceann is luaithe agus ag críochnú leis an gceann is deireanaí.

| | |
|---|---|
| In 1903, bunaíodh foireann iománaíochta ban i mBaile Átha Cliath, ar tugadh na Céitinnigh orthu. Chuir siad rialacha i dtoll a chéile bunaithe ar an iománaíocht agus thug siad "camógaíocht" ar an gcluiche. | |
| Bunaíodh CLG in 1884. | 1 |
| In 1974, bunaíodh Cumann Pheil na mBan. | |
| Faoin mbliain 2008, bhí 515 club camógaíochta agus 1,100 club Pheil na mBan in Éirinn agus thar lear. | |
| In 1932, imríodh cluiche ceannais camógaíochta na hÉireann den chéad uair. | |
| Sa lá atá inniu ann, tá ról suntasach ag mná i gCLG, ach fós féin tá tearcionadaíocht acu i socruithe urraíochta, aird na meán agus ag leibhéal na n-ardoifigeach. | |
| Bunaíodh an Cumann Camógaíochta in 1905. | |

**(e)** Ainmnigh gluaiseacht spóirt, chultúrtha nó shóisialta a ndearna tú staidéar uirthi agus a chuaigh i bhfeidhm ar shaol na hÉireann (ag leibhéal áitiúil nó náisiúnta).

| |
|---|
| |

**(f)** Dá n-iarrfaí ort cur le stair na gluaiseachta a ndearna tú staidéar uirthi, ainmnigh imeacht **amháin** a ndíreofá air agus mínigh an fáth ar cheart cuimhneamh ar an imeacht sin.

| |
|---|
| Imeacht: |
| An fáth ar cheart cuimhneamh ar an imeacht sin: |
| |
| |
| |
| |

**(g)** Sainaithin **dhá** fhoinse dhifriúla a mbainfeá úsáid astu chun eolas a fháil faoin imeacht sin. Mínigh conas a d'fhéadfadh gach foinse cuidiú le do chuid taighde.

| |
|---|
| An chéad fhoinse: |
| Conas a d'fhéadfadh an fhoinse sin cuidiú le do chuid taighde: |
| |
| |
| |
| |
| An dara foinse: |
| Conas a d'fhéadfadh an fhoinse sin cuidiú le do chuid taighde: |
| |
| |
| |
| |

Spás roghnach scríbhneoireachta: lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta: lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta: lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta: lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta: lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.

**Admhálacha**

lch. 4 Íomhánna as https://diggingvindolanda.wordpress.com/ (Léite: 25/01/21) agus https://en.wikipedia.org/wiki/Vindolanda_tablets#/media/File:Roman_writing_tablet_02.jpg (Léite: 09/12/22).

lch. 7 Íomhá as https://kmjantz.wordpress.com/2016/03/16/reformation-at-a-glance/ (Léite: 22/01/21).

lch. 9 Bunaithe ar ábhar in Aonad *1: The Great Irish Famine, Junior Cycle Worksheets*, ar fáil ag https://www.ucc.ie/en/theirishrevolution/collections/atlas-resources-for-schools/atlas-resources-download-page/ (Léite: 12/12/22)

lch. 10 Léarscáil curtha in oiriúint as https://www.rte.ie/history/the-great-irish-famine/2022/0127/1276178-the-hungry-forties-in-europe/ (Léite: 12/12/22)

lch. 12 Sliocht curtha in oiriúint as Bureau of Military History, *Witness Statement 284*, Michael Staines, ar fáil ag https://www.militaryarchives.ie/collections/online-collections/bureau-of-military-history-1913-1921/reels/bmh/BMH.WS0284.pdf (Léite: 13/12/22).
Íomhá as https://www.flickr.com/photos/nlireland/6937669789/ (Léite 27/08/21).

Lch. 17 Íomhá de Tomi Reichental as https://hetireland.org/programmes/survivors-testimony/ (Léite: 17/07/20)
Íomhá de chlúdach an leabhair as https://obrien.ie/i-was-a-boy-in-belsen (Léite: 17/07/20).
Sliocht curtha in oiriúint as Reichental, Tomi, *I Was a Boy in Belsen* (Dublin, O'Brien Press, 2011).

lch. 20 Curtha in oiriúint as Rory Carroll, *'It becomes immense': one man's solo effort to document every death in the Troubles* at https://www.theguardian.com/uk-news/2020/jul/19/malcolm-sutton-solo-effort-document-every-death-in-the-troubles (Léite: 27/01/21)

lch. 21 Staitisticí as https://cain.ulster.ac.uk/sutton/tables/Status_Summary.html agus https://cain.ulster.ac.uk/sutton/tables/Organisation_Summary.html (Léite: 01/07/20)

lch. 22 Íomhánna as https://archaeologyireland.ie/2018/03/19/evolution-of-gaelic-games/ (Accessed: 19/08/21) agus https://evoke.ie/2019/09/08/news/pics-camogie-champions (Léite: 19/08/21).

lch. 24 Eolas ar mhná agus CLG curtha in oiriúint as Cronin, Mike, Mark Duncan agus Paul Rouse, *The GAA, A People's History* (Cork, Collins Press, 2009).

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Stair

Dé hAoine 9 Meitheamh

Maidin 9:30 – 11:30